C/2024/7390

6.12.2024

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 9 Meitheamh 2023

lena ndearbhaítear go bhfuil comhchruinniú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE

(Cás M.10433 - VIVENDI / LAGARDERE)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 3717)

(is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

(C/2024/7390)

An 9 Meitheamh 2023 ghlac an Coimisiún Cinneadh i gcás cumaisc faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) den Rialachán sin. Is féidir leagan neamhrúnda den Chinneadh iomlán a fháil i bhFraincis ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ag an seoladh a leanas: *https://competition-cases.ec.europa.eu/search*.

1. NA PÁIRTITHE

(1) Dearbhaítear sa Chinneadh atá i gceangal leis seo go bhfuil éadáil Lagardère S.A. (‘**Lagardère**’ nó an ‘**Sprioc**’, an Fhrainc) ina iomláine ag grúpa Vivendi S.E. (‘**Vivendi**’ nó an ‘**Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige**’, an Fhrainc) (dá ngairtear le chéile na ‘**Páirtithe**’) trí bhíthin tairiscint phoiblí (‘**an tIdirbheart**’) comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le Comhaontú LEE de bhun Airteagal 2(2) agus Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 57 de Chomhaontú LEE.

(2) Is cuideachta liostaithe é Vivendi agus tá a oifig chláraithe lonnaithe sa Fhrainc. Tá rialú aonair aige ar ghrúpa Vivendi, atá gníomhach go príomha sna hearnálacha a leanas: (i) an teilifís, (ii) soláthair seirbhísí ceannaigh spás fógraíochta, (iii) foilsiú físchluichí ar fhóin phóca, (iv) an preas (go háirithe *via* na hirisí Gala agus Voici), (v) foilsiú (*via* an grúpa Editis), (vi) soláthair agus óstáil ábhair físe ar an idirlíon, (vii) léirithe beo agus (viii) ticéadú. Is é an grúpa Bolloré amháin a rialaíonn an grúpa Vivendi, agus tá 29,5 % de chaipiteal Vivendi agus 29,7 % de chearta vótála Vivendi i seilbh Bolloré.

(3) Is cuideachta liostaithe é Lagardère agus tá a oifig chláraithe lonnaithe sa Fhrainc. Is é Lagardère príomhchuideachta ghrúpa Lagardère, atá gníomhach den chuid is mó sna hearnálacha a leanas: (i) an fhoilsitheoireacht (*via* a fhochuideachta Lagardère Publishing, ar laistigh de a chumhdaíonn Hachette Livres gach gníomhaíocht foilsitheoireachta leabhar), (ii) miondíol taistil, (iii) closamhairc, (iv) an preas (lena n-áirítear *via* iris Paris Match) agus na meáin (lena n-áirítear an fhógraíocht) agus (v) léirithe beo agus an siamsaíocht agus (vi) ticéadú. Níl Lagardère faoi rialú aon scairshealbhóra de réir bhrí an rialaithe cumasc.

2. AN tIDIRBHEART

(4) An 24 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún Eorpach (‘**an Coimisiún**’) fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (‘**an Rialachán um Chumaisc**’) lena bhfuil sé beartaithe ag Vivendi (an Fhrainc) rialú aonair a fháil ar Lagardère (an Fhrainc) ina iomláine trí bhíthin tairiscint phoiblí de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

(5) Sa chinneadh uaidh an 30 Samhain 2022, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ardaigh an tIdirbheart amhras tromchúiseach maidir lena chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach agus thionscain sé imeachtaí de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc. Chuir an Coimisiún Ráiteas Agóidí chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an 22 Feabhra 2023.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

(6) An 5 Aibreán agus an 12 Aibreán 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra a thabhairt aige gealltanais isteach de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le hiomaíocht arna sainaithint ag an gCoimisiún.

3. NA MARGAÍ A mBAINEANN AN tIDIRBHEART GO PRÍOMHA LEO

(7) Cé go ndéanann an tIdirbheart difear do roinnt margaí ábhartha, chuir an Coimisiún ábhair imní in iúl maidir leis na margaí táirgí agus geografaíochta seo a leanas (na '**margaí i gceist**') :

Maidir le hearnáil na foilsitheoireachta:

(a) Na príomh-mhargaí chun cearta foilsitheoireachta Fraincise a fháil do shaothair i bhFraincis nó i dteanga iasachta i gcatagóirí na liteartha ginearálta agus liteartha na hóige, a bhfuil gné gheografach dhomhanda ag baint le gach ceann acu;

(b) An margadh tánaisteach chun cearta foilsitheoireachta Fraincise a fháil do leabhair litríochta ghinearálta faoi chlúdach bog, a bhfuil gné gheografach dhomhanda ag baint leis;

(c) Na margaí le haghaidh seirbhísí margaíochta a sholáthar thar ceann foilsitheoirí tríú páirtí, ag brath ar an gcineál athdhíoltóra, agus an margadh le haghaidh seirbhísí dáileacháin a sholáthar thar ceann foilsitheoirí tríú páirtí, arb é gné gheografach gach ceann acu limistéir an Aontais Eorpaigh ina labhraítear Fraincis, lena n-áirítear an Fhrainc, an Bheilg agus Lucsamburg; agus,

(d) Na margaí chun leabhair a dhíol le hathdhíoltóirí, ag brath ar an gcineál athdíoltóra agus ar an gcatagóir leabhar lena mbaineann, arb é gné gheografach gach ceann acu limistéir an Aontais Eorpaigh ina labhraítear Fraincis, lena n-áirítear an Fhrainc, an Bheilg agus Lucsamburg (cé is moite de leabhair scoile a bhfuil raon feidhme náisiúnta acu).

Maidir leis an earnáil preasa:

(e) An margadh le haghaidh na n-irisí 'céiliúráin', a bhfuil raon feidhme náisiúnta acu agus a chumhdaíonn an Fhrainc ina hiomláine.

4. MÉASÚNÚ AR AN IOMAÍOCHT

(8) Deimhníodh san imscrúdú domhain go raibh roinnt éifeachtaí cothrománacha ar na margaí ábhartha mar thoradh ar an Idirbheart. Déantar achoimre sna ranna seo a leanas den nóta seo ar phríomhthorthaí an Choimisiúin.

4.1. Earnáil na foilsitheoireachta

(9) De ghnáth leanann an leabhar ciorcad, ar a dtugtar an 'slabhra leabhar', ina mbíonn roinnt gníomhaithe páirteach go traidisiúnta, is é sin an foilsitheoir, an margóir, an dáileoir agus na hathdhíoltóirí, sula sroicheann sé an léitheoir. Léirigh imscrúdú an Choimisiúin go bhfuil na naisc éagsúla sin idirspleách den chuid is mó, thar sheasamh na bPáirtithe ar gach leibhéal de shlabhra na leabhar, agus gur cheart an dinimic sin a chur san áireamh san anailís ar an iomaíocht.

4.1.1. *An chonclúid maidir le bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach a bheith ann i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe sna margaí chun cearta foilsitheoireachta a fháil ar fud an domhain*

(10) Léirigh imscrúdú an Choimisiúin go mbeadh seasamh suntasach ag an eintiteas cumaiscthe, lena ndéanfaí tithe foilsitheoireachta Hachette agus Editis a chumasc, ar na príomh-mhargaí chun cearta foilsitheoireachta Fraincise a fháil do shaothair i bhFraincis agus i dteangacha iasachta, i catagóirí na litríochta ginearálta agus litríocht na hóige. Léirigh anailís an Choimisiúin, tar éis an Idirbhirt, go mbeidh roinnt buntáistí iomaíocha ag an eintiteas cumaiscthe thar a chuid iomaitheoirí, rud a chuirfidh lena tharraingteacht i leith údair, trína chumais chraolacháin agus dáileacháin, trí sholáthar seirbhísí ilmheán, agus trína chumais airgeadais. Mar sin féin, cumas an eintitis chumaiscthe bunchearta foilsitheoireachta na n-údar is brabúsaí a fháil, bheadh tionchar diúltach aige sin ar a iomaitheoirí toisc go dtógfaí a bhfoinse shuntasach ioncaim uathu. Trí inmharthanacht foilsitheoirí a chur i mbaol, laghdódh an tIdirbheart líon na bhfoilsitheoirí leabhar. Chomh maith leis sin, dá gcuirfí deireadh le fórsa tábhachtach iomaíochta, bheadh an t-eintiteas cumaiscthe in ann téarmaí conartha na n-údar a dhéanamh níos measa in éagmais roghanna malartacha comhchosúla leordhóthanacha sna margaí sin.

(11) Léirigh anailís an Choimisiúin chomh maith go mbeidh an chumhacht shuntasach cheannaigh ag an eintiteas cumaiscthe ar an margadh tánaisteach chun cearta foilsitheoireachta litríochta ginearálta a fháil. Beidh an chumhacht cheannaigh seo bunaithe go háirithe ar an tábhacht a bhaineann lena eagráin leabhar faoi chlúdach bog agus déanfar í a threisiú lena acmhainneacht airgeadais agus lena tharraingteacht, agus a chomhtháthú ingearach agus a bhallraíocht in ilchuideachta á gcur san áireamh. Thairis sin, tá imní ar an gCoimisiún, tar éis an Idirbhirt, go gcuirfeadh cumhacht mhéadaithe margaidh an eintitis ar a chumas dó téarmaí conarthacha nach bhfuil chomh fabhrach céanna a fhorchur ar a iomaitheoirí.

4.1.2. *An chonclúid maidir le bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach a bheith ann i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha ar na margaí chun seirbhísí margaíochta leabhar a sholáthar thar ceann tríú páirtithe, ag brath ar an gcineál athdhíoltóra, agus ar an margadh le haghaidh seirbhísí dáileacháin leabhar a sholáthar thar ceann tríú páirtithe*

(12) Sainaithníodh san anailís a rinne an Coimisiún gur dlúthiomaitheoirí iad na Páirtithe sna margaí chun seirbhísí margaíochta agus dáileacháin leabhar a sholáthar, agus go bhfuil sciartha comhcheangailte den mhargadh os cionn 50 % acu. Is saintréithe de na margaí sin freisin bacainní arda ar iontráil agus ar leathnú, agus tá cumhacht frithchúitimh theoranta ag custaiméirí na bPáirtithe mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí sin.

(13) Léirigh anailís an Choimisiúin gurbh é an toradh a bheadh ar an Idirbheart go mbeadh ceannasacht ag an eintiteas cumaiscthe ar na margaí le haghaidh seirbhísí margaíochta agus dáileacháin a sholáthar i limistéar an Aontais Eorpaigh ina labhraítear Fraincis. Ós rud é go n-éilíonn na margaí sin acmhainní suntasacha airgeadais agus lóistíochta a shlógadh, is dócha nach dtiocfaidh iomaitheoirí eile isteach sa mhargadh tar éis an Idirbhirt. Dá bhrí sin, tar éis an Idirbhirt, bheadh suíomh margaidh agus cumhacht mhargaidh ag an eintiteas cumaiscthe a chuirfeadh bac ar a líon beag iomaitheoirí agus a iomaitheoirí níos lú brú iomaíoch éifeachtach a chur ar an eintiteas cumaiscthe.

4.1.3. *An chonclúid maidir le bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach a bheith ann i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe sna margaí chun leabhair a dhíol, ag brath ar an gcineál athdhíoltóra agus ar an gcatagóir leabhar lena mbaineann*

(14) Léirigh an anailís a rinne an Coimisiún go dtabharfaidh an tIdirbheart dhá cheann de na príomhghníomhaithe margaidh le chéile sna mórchatagóir leabhar agus go gcruthófar nó go neartófar seasamh ceannasach sna margaí sin go léir. An sciar den mhargadh atá ag an eintiteas cumaiscthe, tá an sciar sin ar a laghad dhá uair chomh mór leis an sciar atá ag a phríomhiomaitheoir sa chuid is mó de na margaí chun leabhair a dhíol.

(15) Léirigh imscrúdú an Choimisiúin go bhfuil cumas go leor d'iomaitheoirí reatha na bPáirtithe teoranta cheana féin maidir le dul in iomaíocht go héifeachtach leis an eintiteas cumaiscthe agus go gcuirfidh an tIdirbheart leis an bhfeiniméan sin. Ina theannta sin, ní bheidh cumhacht frithchúitimh leordhóthanach ann. Mar thoradh air sin, tiocfaidh laghdú ar chumhacht margála díoltóirí leabhar, toisc gur custaiméirí de chuid an eintitis a bheidh iontu. Bheadh sé an-deacair do dhíoltóirí leabhar dul i mbun caibidlíochta mar fhreagairt ar mheathlú ar dhálaí tráchtála agus bheadh sé níos éasca don eintiteas cumaiscthe a chuid leabhar a fhorchur agus iallach a chur ar shiopaí leabhar gealltanas a thabhairt maidir le cainníochtaí nó infheistíochtaí chun lascainí breise a fháil.

(16) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh laghdú ar an lascaine a thugtar do dhíoltóirí leabhar agus méadú ar phraghas an leabhair don tomhaltóir deiridh a bheith mar thoradh ar an Idirbheart.

4.2. **Earnáil an phreasa**

4.2.1. *An chonclúid bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach a bheith ann i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe ar mhargadh na n-irisí 'céiliúráin'*

(17) Beadh sciar ard comhcheangailte den mhargadh ag an eintiteas cumaiscthe nua i margadh na n-irisí 'céiliúráin'

(18) Is léir ón imscrúdú margaidh ar lucht léitheoireachta irisí ‘céiliúráin’, irisí iomaíocha agus fógróirí preasa go bhfuil an iris Paris Match mar chuid de thimpeallacht iomaíoch na n-irisí ‘céiliúráin’, agus go bhfuil Gala ina iomaitheoir an-dlúth i bhfianaise a sheasaimh ardleibhéil i ndáil le hirisí traidisiúnta ‘céiliúráin’, agus nach bhfuil Voici ach ina dhlúthiomaitheoir amháin. Níl i gceist le hirisí polaitiúla agus nuacht ginearálta ach iomaitheoirí i bhfad amach, agus i gcás Paris Match amháin. Tá na torthaí sin deimhnithe ag an anailís a rinne an Coimisiún ar phraghsanna, an anailís ar chumhdach a rinne le 3 bliana anuas, agus doiciméid inmheánacha na bPáirtithe ina léirítear dlúthfhaireachán córasach ar irisí a chéile.

(19) Ar mhargadh na n-irisí ‘céiliúráin’, mar a shainmhínítear é, bhí sciar den mhargadh faighte ag na Páirtithe le 3 bliana anuas a bhí cothrom le nó níos airde ná [50-60]%, i margadh a bhí an-chomhchruinnithe, toisc go raibh siad ag tabhairt aghaidh ar trí ghrúpa iomaíocha ar mhargadh na n-irisí ‘céiliúráin’.

(20) Chomh maith leis sin, in ainneoin déine na hiomaíochta idir na hirisí, léirigh torthaí an imscrúdaithe margaidh nach mbeadh dóthain gníomhaithe margaidh ann tar éis an Idirbhirt chun brú iomaíoch leordhóthanach a chur chun cinn ar mhaithe le dul i ngleic leis an mbrú iomaíoch a chuireann irisí na bPáirtithe i bhfeidhm.

(21) Thairis sin, léirigh an t-imscrúdú margaidh a rinne an Coimisiún go bhfuil bacainní arda ar iontráil i margadh na n-irisí ‘céiliúráin’, mar gheall ar chostais arda oibriúcháin agus treocht meatha sa mhargaíocht.

(22) Sa chomhthéacs sin, léirigh anailís an Choimisiúin go dtabharfadh an tIdirbheart ceannasacht don eintiteas cumaiscthe agus go gcuirfí deireadh le srian iomaíoch tábhachtach ar mhargadh na n-irisí ‘céiliúráin’. Go háirithe, d’fhéadfadh méaduithe níos minice nó níos mó ar phraghsanna díola irisí, moilliú ar iarrachtaí na bPáirtithe feabhas a chur ar cháilíocht ábhar a n-irisí, nó laghdú ar an éagsúlacht eagarthóireachta sna hirisí ‘céiliúráin’ a bheith mar thoradh ar an Idirbheart.

4.3. **Conclúid**

(23) Dá bhrí sin, is é conclúid an Chinnidh go gcuirfeadh an tIdirbheart bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 2, mír 3, den Rialachán um Chumaisc.

5. **GEALLTANAIS A CHUR NA PÁIRTITHE ISTEACH**

5.1. **Gealltanais tosaigh**

(24) An 15 Nollaig 2022, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige i láthair mar ghealltanas Editis a dhíol trí scéim mheasctha arbh é a bhí i gceist léi urrúis Editis arna ndáileadh ag Vivendi ar a scairshealbhóirí i bhfoirm díbhinne comhchineáil agus ina dhiaidh sin, trí chomhaontú frithpháirteach, cuid de chaipiteal Editis arna ndíol ag grúpa Bolloré (scairshealbhóir a rialaíonn Vivendi le sciar 29,46 %) chuig tríú páirtí neamhspleách, ar chaipiteal é a bhí dlite ag Bolloré.

(25) An 14 Feabhra 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige i láthair mar ghealltanas nua díol Editis trí scéim chomhchosúil. Mar sin féin, bhí an bloc a bhí le díol leis an scairshealbhóir tagartha níos mó ná mar a bhí faoi na gealltanais a tugadh an 15 Nollaig 2022, ós rud é go mbeadh 37,06 % de chaipiteal Editis ag ceannaitheoir an bhloic sin, ó thráth an liostaithe, a chomhfhreagraíonn do 29,46 % agus scaireanna Vivendi é féin.

(26) Ina Ráiteas Agóidí, mheas an Coimisiún, i gcomparáid le díol 100 % de chaipiteal Editis do cheannaitheoir oiriúnach, go raibh an próiseas liostaithe agus dáileacháin a bhí beartaithe níos casta, go raibh rioscaí forghníomhaithe i gceist leis agus go raibh éiginnteachtaí agus rioscaí i gceist leis maidir le (i) cineál marthanach rialú cheannaitheoir an bhloic, (ii) inmharthanacht agus iomaíochas fadtéarmach Editis, (iii) dreasachtaí chun an gnó dífheistithe a fhorbairt, (iv) an cumas an gnó dífheistithe a fhorbairt, agus (v) na naisc idir an gnó dífheistithe agus an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

(27) Thairis sin, níor cumhdaíodh margadh na n-irisí ‘céiliúráin’ leis na gealltanais atá beartaithe.

(28) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár thug na gealltanais tosaigh aghaidh iomlán ar na hábhair imní iomaíochta.

5.1. **Gealltanais athbhreithnithe**

(29) An 5 agus an 12 Aibreán 2023, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní iomaíochta a sainaithníodh sna margaí ábhartha, thíolaic an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na gealltanais a thuairiscítear thíos.

5.1.1. *Díol Editis*

(30) Is éard atá i gceist leis na gealltanais athbhreithnithe 100 % de chaipiteal Editis a dhíol le ceannaitheoir oiriúnach.

(31) Thairis sin, geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gan an tIdirbheart a chur chun feidhme go dtí go mbeidh Comhaontú Dífheistithe Editis tugtha i gcrích aige agus go mbeidh an ceannaitheoir agus na téarmaí díolacháin formheasta ag an gCoimisiún.

(32) Geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin gan dul i dteagmháil ar bhealach gníomhach leo siúd a leanas: (i) foilsitheoirí tríú páirtí arna margú agus/nó arna ndáileadh ag Editis ar feadh tréimhse 3 bliana ó éadáil Editis a bheith tugtha i gcrích ag an gceannaitheoir, (ii) údair atá faoi cheangal conarthach le Editis trí chonradh foilsitheoireachta ar feadh tréimhse 3 bliana ó éadáil Editis a bheith tugtha i gcrích ag an gceannaitheoir agus (iii) stiúrthóirí cuideachtaí foilsitheoireachta nó ranna eagarthóireachta Editis.

(33) Déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gach beart is gá freisin chun a áirithiú nach féidir lena fhostaithe aon fhaisnéis rúnda a bhaineann le Editis a úsáid ar mhaithe le Hachette Livres.

(34) Ar deireadh, geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige Editis a dhíol le ceannaitheoir atá neamhspleách ar na Páirtithe, a bhfuil an acmhainneacht airgeadais agus na dreasachtaí aige chun an gnó a fhorbairt, nach n-ardaíonn ábhar imní maidir le hiomaíocht ná maidir le rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme *prima facie*, agus a bhfuil taithí mhaith aige ar an bhfoilsiú nó ar na meáin.

5.1.2. *Díol Gala*

(35) Is éard atá sna Gealltanais athbhreithnithe freisin díol na hirise Gala, arna foilsiú ag an gcuideachta Prisma Media, fochuideachta atá 100 % faoi úinéireacht Vivendi.

(36) Cumhdaítear leis na sócmhainní dífheistithe stoc ábhair agus páipéir Gala, cearta maoine intleachtúla a bhaineann le hoibriú Gala, uirlisí digiteacha, na meáin shóisialta, liostaí de chustaiméirí gníomhacha agus de shíntiúsóirí na nuachtlitreach saor in aisce, 56 choibhéis lánaimseartha d'iriseoirí nó d'fhoireann eagarthóireachta, agus 65,6 coibhéis lánaimseartha a chumhdaíonn feidhmeanna tacaíochta.

(37) Áirítear ar na sócmhainní dífheistithe freisin na conarthaí seirbhíse a tugadh i gcrích chun tairbhe eisiach Gala. Beidh na conarthaí a roinntear le hirisí eile de chuid ghrúpa Vivendi faoi réir comhaontuithe seirbhíse idirthréimhseacha ar feadh tréimhse 12 mhí.

(38) Áirítear ar na gealltanais freisin comhaontuithe seirbhíse idirthréimhseacha ar feadh tréimhse 12 mhí (i) maidir leis an bhfoireann óstála áitribh a bhaineann le hoibriú Gala, (ii) maidir le trealamh oifige agus TF a bhaineann le hoibriú Gala agus comhaontuithe seirbhíse idirthréimhseacha 18 mí chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar, lena n-áirítear soláthar sealadach na timpeallachta teicneolaíochta, na cúloifige agus na n-uirlisí bainistíochta.

(39) Gabhann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige air féin nach gcuirfear an tIdirbheart i bhfeidhm go dtí go mbeidh an Comhaontú Dífheistithe maidir le díol Gala tugtha i gcrích ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ag an iontaobhaí dífheistithe agus go mbeidh an ceannaitheoir agus na téarmaí díolacháin formheasta ag an gCoimisiún.

(40) Ar deireadh, geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go ndéanfaidh sé Gala a dhíol le ceannaitheoir atá neamhspleách ar na Páirtithe, agus a bhfuil an acmhainneacht airgeadais agus na dreasachtaí aige chun an gnó a fhorbairt, nach n-ardaíonn ábhar imní maidir le hiomaíocht ná maidir le rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme *prima facie*, a bhfuil taithí mhaith aige ar an bpreas clóite agus an preas digiteach nó taithí mhaith aige ar an bpreas clóite agus eolas maith aige ar shainiúlachtaí mhargadh na Fraince agus cumas cruthaithe aige chun oibriú sa mhargadh sin.

5.1.3. *Measúnú ar na Gealltanais a cuireadh isteach*

(41) Sheol an Coimisiún dhá chomhairliúchán leis na gníomhaithe margaidh ábhartha an 5 agus an 13 Aibreán 2023, lena gcumhdaítear na gealltanais a bhaineann le díol Editis agus díol Gala.

(42) Bhí torthaí na dtástálacha margaidh dearfach ar an iomlán maidir le raon feidhme, inmharthanacht, iomaíochas agus tarraingteacht na ngealltanas sna margaí foilsitheoireachta agus irisí céiliúráin. Ar bhonn na gcomhairliúchán sin agus ar bhonn na hanailíse a rinne an Coimisiún ar na gealltanais deiridh, measann an Coimisiún go bhfuil na gealltanais atá beartaithe leordhóthanach agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a ardaíodh leis an Idirbheart sna margaí atá i gceist.

(43) Measann an Coimisiún, go háirithe, go réitítear rioscaí agus éiginnteachtaí na socruithe díola trí liostú agus dáileadh mar thoradh ar dhíol Editis ina iomláine le ceannaitheoir oiriúnach. Tugann an Coimisiún dá aire go gcuireann díol ghrúpa Editis deireadh le beagnach gach forluí idir gníomhaíochtaí foilsitheoireachta na bPáirtithe agus go bhfágfaidh sé go bhféadfar an srian iomaíoch a chuir Editis i bhfeidhm roimh an Idirbheart a mhacasamhlú ar bhealach inmharthana iomaíoch, gan rioscaí cur chun feidhme.

(44) Ina theannta sin, measann an Coimisiún, mar thoradh ar an iris Gala a dhíol, gur leor raon feidhme na ngealltanas deiridh maidir le margadh na n-irisí ‘céiliúráin’ chun deireadh a chur leis an riosca go gcuirfeadh an tIdirbheart bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach i margadh na n-irisí ‘céiliúráin’. Measann an Coimisiún freisin go gcumhdaíonn na gealltanais deiridh gach sócmhainn inláimhsithe, gach sócmhainn dholáimhsithe, gach ball foirne agus gach conradh is gá chun iomaíochas agus inmharthanacht Gala a áirithiú, agus nach mbaineann rioscaí cur chun feidhme leo.

(45) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún sa chinneadh uaidh, ar bhonn na ngealltanas a mhol an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, nach gcuirfidh an comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith bac ar iomaíocht éifeachtach sna margaí atá i gceist.

6. **CONCLÚID**

(46) I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Choimisiúin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na gealltanais a chur na Páirtithe isteach ina n-iomláine, nach gcuirfidh an comhchruinniú atá beartaithe bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach ná i gcuid mhór de.

(47) Dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú go bhfuil an tIdirbheart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE, de bhun Airteagal 2(2) agus Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 57 de Chomhaontú LEE, i gcomhréir leis na coinníollacha agus na hoibleagáidí atá beartaithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gnóthais lena mbaineann na gealltanais a rinne siad i leith an Choimisiúin.